

LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH

# Ascaill an Bhiataigh chuig Páirc Hoirbeaird

## Cúrsa Ghlasbhealach na Dothra

## BILEOG EOLAIS






0.5km

## WHAT'S IN THIS LEAFLET?


1 Forbhreathnú ar an Tionscadal
2 Buntáistí na Scéime
3 An gá atá leis an scéim
4 Príomhghnéithe
5 Cur isteach ar an Trácht
6 Conas Teagmháil a dhéanamh linn


## 1 FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL

Seachadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Líonra Taistil Ghníomhaigh trí shraith tionscadal infreastruchtúir sna blianta amach romhainn. Fásfaidh an Líonra ón 10km atá ann cheana ina líonra nasctha 310km ar fud na cathrach. Cuirfidh sé seo roghanna taistil níos sábháilte, níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe ar fáil.

Sainaithníodh an limistéar ó Ascaill an Bhiataigh chuig Páirc Hoirbeaird mar ionad oiriúnach le haghaidh bearta eatramhacha le hais chonair Ghlasbhealach na Dothra. Leis sin cuirfear 0.5km d'áiseanna siúil agus rothaíochta ar fáil ó Ascaill an Bhiataigh chuig Páirc Hoirbeaird sula ndéanfar tionscadal Ghlasbhealach na Dothra. Nuair a chuirfear i gcrích é, seachadfaidh an tionscadal áiseanna siúil agus rothaíochta d'ardchaighdeán le hais na Dothra ón bhfarraige chuig na Sléibhte trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire agus Rath an Dúin, agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

## AMLÍNE

| R1 2023 | R2 2023 | R3/R4 2023 | R1 2024 |
|---|---|---|---|
| Dearadh Imlíneach | Comhairliúchán Poiblí | Pleanáil & Dearadh Sonrach | Tógáil na Scéime |

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

## 2 CAD IAD NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM?

- Áiseanna rothaíochta cosanta ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal ar gach aoisghrúpa agus ar gach cineál cumais le hais na Dothra
- Stíl mhaireachtála níos gníomhaí a éascú le haghaidh gach aoisghrúpa agus buntáistí éagsúla ann le haghaidh folláine fhisiciúil agus mheabhrach
- Áiseanna níos fearr le haghaidh coisithe agus rothaithe a chur ar fáil trasna Bhóthar Mhuirfean
- Cur le laghdú sna hastaíochtaí iompair i dtreoir le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide trí athrú córa iompair i dtreo taisteal gníomhach a spreagadh

## 3 CÉN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM?

- Áiseanna siúil agus rothaíochta a fheabhsú le haghaidh pobail áitiúla agus athrú córa iompair i dtreo modhanna níos inbhuanaithe a éascú le haghaidh timaistriú agus taisteal fóillíochta araon.
- Nasc a chur ar fáil le hais na Dothra sula ndéanfar tionscadal buan Ghlasbhealach na Dothra agus nasc a chur ar fáil le haghaidh scéimeanna rothaíochta agus iompair phoiblí amach anseo.

## 4 PRÍOMHGHNÉITHE

Cuirfear limistéar trasnaithe le haghaidh coisithe agus rothaithe ar fáil trasna Bhóthar Mhuirfean ag an acomhal le Bóthar Anglesea. Chomh maith leis sin, seachadfar raon rothar nua déthreo le hais thaobh thiar Bhóthar Anglesea idir Bóthar Mhuirfean agus an tslí isteach chuig Óstán Pháirc Hoirbeaird.

### Ascaill an Bhiataigh chuig Bóthar Mhuirfean

Cuirfear sráid chiúin (meascán rothaithe agus feithiclí) ar fáil le hais Ascaill an Bhiataigh le marcanna bóthair. Roinnfidh rothaithe an carrbhealach atá ann cheana leis an trácht ar an tsráid seo a mbíonn leibhéal íseal tráchta uirthi. Ní chuirfear isteach ar na cosáin nó ar an bpáirceáil atá ann cheana ar an gcuid seo den bhóthar.



### Bóthar Mhuirfean


Seachadfar limistéir roinnte le haghaidh coisithe agus rothaithe ar dhá thaobh an charrbhealaigh ag limistéar trasnaithe nua do choisithe agus do rothaithe ar Bhóthar Mhuirfean siar ó Bhóthar Anglesea.

Beidh rochtain fós ar Phlás an Eibhir agus ar aghaidheanna na siopaí atá ann cheana féin. Bainfear dhá cheann de na spásanna páirceála atá ann cheana ar thaobh thuaidh Bhóthar Mhuirfean agus athlonnófar an spás páirceála inrochtana atá ann anois soir tuairim agus 12m

### Bóthar Anglesea chuig Droichead Pháirc Hoirbeaird

Cuirfear lána rothaíochta déthreo ar fáil ar thaobh thiar Bhóthar Anglesea, ascarfaidh rothaithe ón trácht trí úsáid a bhaint as colbhaí scartha. Ní chuirfearisteach ar an gcosán atá ann cheana. Athdháilfear spás bóthair ar áiseannarothaíochta trí cheann de na lánaí casadh ar chlé atá ann cheana ó BhótharAnglesea chuig Bóthar Mhuirfean chomh maith le hocht spásanna pairceála ar thaobh thiar Bóthar Anglesea a bhaint.

Uasghrádófar an trasrian coisithe atá ar Bhóthar Anglesea cheana féin chuig trasrian coisithe agus rothaithe chun ligean le rothaithe Bóthar Anglesea a thrasnú más mian leo leanúint ó dheas ar an mbóthar sin. Is féidir le rothaithe rochtain a fháil ar Ghlasbhealach Pháirc Hoirbeaird chuig Bóthar Dhomhnach Broc trí dhroichead Óstán Pháirc Hoirbeaird.




## 5 CUR ISTEACH BEAG AR AN TRÁCHT AGUS SUITEÁIL Á DÉANAMH

Meastar go gcuirfear tús le hoibreacha suiteála na scéime seo i dtús na bliana 2024. Chun an scéim seo a sheachadadh, beidh roinnt cur isteach beag ar an trácht sa cheantar. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir ár ndícheall é seo a íoslaghdú a oiread agus is féidir.




## 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá rannpháirtíocht an phobail á lorg againn maidir leis na moltaí scéime reatha. Más mian leat breathnú ar thuilleadh faisnéise nó aighneacht a dhéanamh chuig CCBÁC maidir leis an tionscadal seo, féach ar na roghanna thíos:

www.dublincity.ie/activetravel (Dean scanadh orm)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Cúrsa Ghlasbhealach na Dothra, Ascaill an Bhiataigh chuig Páirc Hoirbeaird

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F.

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach: 01 222 2536

Tá fáil ar na líníochtaí deartha le breathnú orthu ag:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 1, Urlár 0, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F
- Leabharlann Pheambróg, Bóthar Anglesea, Baile Átha Cliath 4, Co. Bhaile Átha Cliath, D04 H765
- www.dublincity.ie/activetravel

**LÁ EOLAIS PHOIBLÍ** Reáchtálfar imeacht eolais maidir leis an tionscadal óna **4-7i.n. ar an 15ú Meitheamh** in Ionad Pobail Dhumhach Thrá, Ascaill an Droichid Nua, Dumhach Thrá, Co. Bhaile Átha Cliath, D04 CP80

**CUIR DO THUAIRIM IN IÚL!**